# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/1327 ÓN gCOMHAIRLE

**an 26 Iúil 2022**

**lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh ar staid mhargadh inmheánach sheirbhísí poist an Aontais, go sonrach maidir le cur i bhfeidhm Threoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus togra, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 241 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig laghdú bliantúil 4,9 % ar mhargadh na litreach poist san Aontas ó 2008 i leith, agus cuireadh dlús leis an gclaonadh sin le crapadh an gheilleagair mar gheall ar phaindéim COVID-19, inar thit líon na litreach poist idir 12 % agus 26 % idir 2019 agus 2020.

(2) Tháinig méadú bliantúil 9 % ar na seirbhísí seachadta beartán san Aontas ó 2008 i leith, agus cuireadh dlús leis an gclaonadh sin mar gheall ar phaindéim COVID-19.

(3) Tá méadú tagtha ar chostas na hoibleagáide seirbhíse uilechoitinne, bunaithe ar scála costais, mar gheall ar laghdú géar ar mhargadh na litreach poist.

(4) Le forbairt na ríomhthráchtála agus na digiteála, tugadh isteach gníomhaithe, táirgí agus seirbhísí nua ar margadh seirbhísí poist.

(5) I ngach Ballstát, cuirtear seirbhísí poist uilechoiteanna ar fáil ar fud na tíre, agus tá athrú suntasach tagtha ar riachtanais úsáideoirí na seirbhísí sin.

(6) Ní mór go léireofar le coincheap na seirbhíse uilechoitinne riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí agus go mbeadh sé solúbtha agus inbhuanaithe.

(7) Maidir le Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá a cuid cuspóirí comhlíonta go páirteach. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh gá lena hathbhreithniú chun a áirithiú go seasfaidh sí an aimsir agus go dtabharfaidh sí aghaidh ar na dúshláin thuasluaite ar bhealach inbhuanaithe.

(8) Thabharfadh anailís mhionsonraithe ar staid mhargadh inmheánach sheirbhísí phoist an Aontais an t-údar cuí le Treoir 97/67/CE a athbhreithniú chun forbairtí teicneolaíocha agus athruithe sa mhargadh sin a léiriú agus d'fhéadfaí an Treoir athbhreithnithe a ghlacadh laistigh den timthriall reachtach Eorpach atá ar siúl faoi láthair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh ar staid mhargadh inmheánach sheirbhísí poist an Aontais, go háirithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir 97/67/CE.

([1]) Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15 21.1.1998, lch. 14).

*Airteagal 2*

1. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún togra a thíolacadh, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir dá dtagraítear in Airteagal 1, nó an Chomhairle a chur ar an eolas ar bhealach eile faoi bhearta malartacha is gá mar obair leantach tar éis an staidéir.

2. I gcomhréir leis an ngnáthchleachtas, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh measúnú tionchair ag gabháil leis an togra.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. SÍKELA